BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

11 Meitheamh 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí – Treoir (AE) 2015/849 – Ceanglais choiteanna le haghaidh seirbhíseoirí creidmheasa agus ceannaitheoirí creidmheasa – Treoir (AE) 2021/2167 – Airteagal 10 – Conradh maidir le sannachán fiacha amhrasacha *en bloc* – Rialachán náisiúnta nach bhforáiltear léi go bhfuil conradh den sórt sin i bhfoirm scríbhinn ná nach bhforáiltear léi go mbeadh an t-aistrí faoi réir maoirseachta stuamachta)

I gCás C-65/25,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Tribunale di Brindisi (Cúirt Brindisi, An Iodáil), trí bhreith an 22 Deireadh Fómhair 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 29 Eanáir 2024, sna himeachtaí

IFIS NPL INVESTING SpA

v

JM,

OT,

VR,

CL,

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Ziemele, Uachtarán Dlísheomra, A. Kumin (Rapóirtéir) agus S. Gervasoni, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– JM, OT, VR agus CL, ag L. Bardaro agus S. Bardaro, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó M. Cherubini, avvocato dello Stato, E. Cicatelli agus C. De Nicola, procuratori dello Stato,

– An Coimisiún Eorpach, ag A. Manzaneque Valverde, P. A. Messina agus D. Triantafyllou, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar dhlí an Aontais, go háirithe an comhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, agus ar phrionsabail na cosanta éifeachtaí, na trédhearcachta agus an mheoin mhacánta.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir IFIS NPL INVESTING SpA ('Ifis') agus JM, OT, VR agus CL maidir le haisghabháil fhorghníomhaithe fiachais, trí urghabháil réadmhaoine, a dhearbhaíonn Ifis a bheith aige i gcoinne an cheathrair sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 2015/849

3 In Airteagal 2 de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO 2015 L 141, lch. 73), is infheidhme *ratione temporis* maidir le fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí, tá sainmhíniú ar a raon feidhme. Dá bhrí sin, faoi Airteagal 2(1), tá feidhm ag Treoir 2015/849 maidir le hinstitiúidí creidmheasa, institiúidí airgeadais agus na daoine nádúrtha nó dlítheanacha dá dtagraítear i bpointe 3 den fhoráil sin.

4 Foráiltear le hAirteagal 3 den Treoir sin mar a leanas:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “institiúid creidmheasa” institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear i bpointe (1) d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO 2013 L 176, lch. 1)]

[…]

(2) ciallaíonn “institiúid airgeadais”:
(a) gnóthas, seachas institiúid creidmheasa, a dhéanann ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe 2 go pointe 12, i bpointe 14 agus i bpointe 15 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO 2013 L 176, lch. 338)], lena n-áirítear gníomhaíochtaí oifigí malairte airgeadra (bureaux de change);

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2013/36

5 Foráiltear le pointí 2 go 12, 14 agus 15 den chéad mhír d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36, dar teideal ‘Liosta gníomhaíochtaí a bhaineann tairbhe as aitheantas frithpháirteach’:

‘2. Iasachtú lena n-áirítear, *inter alia*: creidmheas tomhaltóra, comhaontaithe creidmheasa a bhaineann le maoin dhochorraithe, fachtóireacht, bíodh iontaoibh i gceist nó ná bíodh, maoiniú idirbheart tráchtála (lena n-áirítear forghéilleadh).

3. Léasú airgeadais.

4. Seirbhísí íocaíochta [...].

5. Modhanna íocaíochta a eisiúint agus a riar […].

6. Ráthaíochtaí agus gealltanais.

7. Idirbhearta, ar a chuntas féin nó ar chuntas custaiméirí, in aon cheann díobh seo a leanas:
(a) ionstraimí margaidh airgid (seiceanna, billí, deimhnithe taisce, etc.);
(b) malairtí eachtracha;
(c) todhchaíochtaí airgeadais agus roghanna;
(d) ionstraimí malairte nó ráta úis;
(e) urrúis inaistrithe.

8. Rannpháirtíocht in eisiúint urrús agus i soláthar seirbhísí gaolmhara.

9. Comhairle a thabhairt do ghnóthais maidir le struchtúr caipitil, straitéis thionsclaíoch agus saincheisteanna gaolmhara agus comhairle mar aon le seirbhísí a bhaineann le cumaisc agus ceannach gnóthas.

10. Bróicéireacht airgid.

11. Bainistíocht punainne agus comhairle punainne.

12. Urrúis a chumhdach agus a riar.

[...]

14. Seirbhísí slánchumhdaigh.

15. Ríomh-airgead a eisiúint.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2021/2167

6 Foráiltear le hAirteagal 1 de Threoir (AE) 2021/2167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2021 maidir le seirbhíseoirí creidmheasa agus ceannaitheoirí creidmheasa agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE (IO 2021 L 438, lch. 1), dar teideal 'Ábhar':

'Leis an Treoir seo, leagtar síos creat comhchoiteann agus ceanglais le haghaidh an mhéid seo a leanas:

(a) seirbhíseoirí creidmheasa ceart creidiúnaí faoi chomhaontú creidmheasa neamhthuillmheach, nó an chomhaontaithe creidmheasa neamhthuillmhigh féin, arna eisiúint ag institiúid creidmheasa atá bunaithe san Aontas, agus a ghníomhaíonn thar ceann ceannaitheoir creidmheasa;

(b) ceannaitheoirí creidmheasa ceart creidiúnaí faoi chomhaontú creidmheasa neamhthuillmheach, nó an chomhaontaithe creidmheasa neamhthuillmhigh féin, arna eisiúint ag institiúid creidmheasa atá bunaithe san Aontas.'

7 Foráiltear le hAirteagal 2(5) den Treoir sin, dar teideal 'Raon feidhme':

'Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis an méid seo a leanas:

[...]

(d) aistriú ceart creidiúnaí faoi chomhaontú creidmheasa, nó an chomhaontaithe creidmheasa féin, a aistríodh roimh an dáta dá dtagraítear in Airteagal 32(2), an chéad fhomhír.'

8 Leagtar síos in Airteagal 10(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Caidreamh leis an iasachtaí, cumarsáid maidir leis an aistriú agus cumarsáid a dhéantar ina dhiaidh sin’, ceanglais áirithe do cheannaitheoirí creidmheasa agus seirbhíseoirí creidmheasa agus iad ag déileáil le hiasachtaithe. Liostaítear in Airteagal 10(2) na heilimintí a cheanglaítear ar an gceannaitheoir creidmheasa nó ar an seirbhíseoir creidmheasa a nochtadh don iasachtaí, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile, tar éis cearta creidiúnaí faoi chomhaontú creidmheasa neamhthuillmheach a aistriú nó tar éis an comhaontú creidmheasa neamhthuillmheach féin a aistriú.

9 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 32 den Treoir sin, dar teideal ‘Trasuí’:

‘1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 29 Nollaig 2023. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún [Eorpach] láithreach.

2. Cuirfidh siad na forálacha dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm ón 30 Nollaig 2023.

[…]’

10 Foráiltear le hAirteagal 33 de Threoir 2021/2167, dar teideal ‘Teacht i bhfeidhm’:

‘Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.’

Dlí na hIodáile

11 I gcomhréir le hAirteagal 106(1) de decreto legislativo n. 385 – Testo unico delle leggi in materia bancaria e creditizia (Foraithne Reachtach Uimh. 385 lena gcomhdhlúthaítear na dlíthe maidir le baincéireacht agus creidmheas) an 1 Meán Fómhair 1993 (GURI Uimh. 230 an 30 Meán Fómhair 1993, Gnáthfhorlíonadh Uimh. 92), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, ‘tá an ghníomhaíocht chun maoiniú a dheonú i bhfoirm ar bith don phobal forchoimeádta d’idirghabhálaithe airgeadais údaraithe, arna cur isteach i gclár *ad hoc* arna choimeád ag [Banca d’Italia (Banc na hIodáile)]’.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

12 Thionscain Ifis imeachtaí os comhair Tribunale di Brindisi (Cúirt Brindisi, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, maidir le hurghabháil réadmhaoine i gcoinne JM, OT, VR agus CL, trí éileamh a dhearbhú ina gcoinne, arna urrú le réadmhaoin dhochorraithe. Maíonn Ifis gur tháinig sé chun bheith ina shealbhóir ar an éileamh sin tar éis roinnt sannachán comhleanúnach. De réir na faisnéise san iarraidh ar réamhrialú, téann an t-éileamh sin siar go dtí ordú íocaíochta a eisíodh in 1997 i bhfabhar banc Iodálach.

13 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar thaobh amháin, go dtugann Ifis ar aird os a comhair conarthaí chun éilimh a shannadh, lena n-áirítear, ina n-iomláine, liostaí na n-éileamh a bhí ina n-ábhar do na sannacháin sin. Cé gur tugadh na conarthaí sannacháin sin i gcrích i scríbhinn, níor tugadh i gcrích iad, áfach, i bhfoirm ionstraim bharántúil nó i bhfoirm doiciméad príobháideach fíordheimhnithe. In aon chás, níl aon dáta cinnte acu atá infheidhmithe i gcoinne tríú páirtithe.

14 Ar an taobh eile, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go raibh líon mór na n-éileamh sa chás seo idir eintitis nach bhfuil go léir cláraithe ar chlár na n-idirghabhálaithe airgeadais dá dtagraítear san fhoráil a luaitear i mír 11 den bhreithiúnas seo, atá faoi réir maoirseacht stuamachta ag Banc na hIodáile. Chun clárú den sórt sin a dhéanamh, bheadh gá le heagrú inmheánach sonrach chun críoch coiscthe, i gcomhréir le rialacha náisiúnta maidir le frithsciúradh airgid.

15 De réir na cúirte a rinne an tarchur, cruthaíonn sé sin amhras fiú i dtaobh an bhfuil Ifis ina shealbhóir iarbhír agus dleathach ar an éileamh ar a bhfuil sé ag brath mar thaca lena chaingean.

16 I ndáil leis sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme i ndáil le conarthaí maidir le sannachán fiacha amhrasacha *en bloc* i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe maidir leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid, agus ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcás os a comhair i bhfianaise na méide sin.

17 Ní fhoráiltear leis an reachtaíocht náisiúnta sin go gcaithfidh an cineál sin conartha a bheith ina ábhar do dhoiciméad i scríbhinn, gan trácht ar ionstraim bharántúil nó doiciméad príobháideach fíordheimhnithe, nó do rialacha mionsonraithe lena dtugtar dáta cinnte dó.

18 Ina theannta sin, ní cheanglaítear leis an reachtaíocht náisiúnta sin go n-iontrálfaí sannacháin *en bloc* d'fhiacha amhrasacha i gclár na n-idirghabhálaithe airgeadais agus, dá bhrí sin, ní gá dóibh, i ndáiríre, an reachtaíocht náisiúnta frithsciúrtha airgid a bhfuil daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá cláraithe sa chlár sin faoina réir a chomhlíonadh, ná na forálacha eagraíochtúla inmheánacha is gá a ghlacadh le haghaidh clárú den sórt sin. Níl sannacháin den sórt sin faoi réir maoirseacht stuamachta ag Banc na hIodáile ach oiread.

19 Dá bhrí sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil reachtaíocht náisiúnta den sórt sin, ina hiomláine, contrártha le dlí an Aontais maidir le sciúradh airgid a chomhrac. Dá mba amhlaidh an cás, thiocfadh an cheist chun cinn freisin maidir leis na hiarmhairtí ba cheart a bhaint as agus, go háirithe, an bhféadfaí a mheas, go hiomlán nó go páirteach, gur neamhbhailí iad na sannacháin iomadúla infhaighte a tharla i gcomhthéacs an cháis os a chomhair, nó, ar a laghad, nach féidir iad a fhorfheidhmiú, sa chaoi is gur cheart a mheas nach bhfuil an t-ordú infhorfheidhmithe a d'agair Ifis chun tacú lena chaingean ann.

20 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl freisin gur tháinig an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcás os a comhair roimh an reachtaíocht sin lenar trasuíodh Treoir 2021/2167 i ndlí na hIodáile agus a tháinig i bhfeidhm an 13 Lúnasa 2024. Ó shin i leith, fuarthas réidh le hamhras den sórt sin go bhfuil an reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais agus tá rialáil níos cuimsithí á déanamh anois ar shannacháin *en bloc* d'fhiacha amhrasacha. Sa chomhthéacs sin, áfach, iarrann an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil an Treoir sin le léiriú sa chaoi go bhfuil éifeacht chúlghabhálach pháirteach aici.

21 Sna himthosca sin, chinn an Tribunale di Brindisi (Cúirt Brindisi) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) Cén coinníollacha faoinar féidir a mheas go gcaithfear dlí an Aontais agus, go háirithe, reachtaíocht an fhrithsciúrtha airgid, chomh maith leis na prionsabail ghinearálta maidir le héifeachtacht na cosanta, trédhearcacht agus meon macánta oibiachtúil agus a gcomhthoradh i dtéarmaí ceanglas faisnéise, a mheas mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta maidir le sannacháin *en bloc* (nó carnacha) a dhéanamh ar iasachtaí neamhthuillmheacha – is é sin an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an gcás i gceist agus

sular glacadh decreto legislativo del 30 luglio 2024, n. 116 a tháinig i bhfeidhm an 13 Lúnasa 2024, lena gcuirtear chun feidhme Treoir [2021/2167] a bhfuil na saintréithe seo a leanas ag gabháil léi:

a) ní dhéantar foráil inti maidir le foirm *ad substantiam* nó *ad probationem* i scríbhinn, go háirithe i bhfoirm an ionstraime barántúla nó an doiciméid phríobháidigh sínithe nó, in aon chás, modhanna chun a nglacadh lenar féidir a dheimhniú go bhfuil an dáta ceart luaite orthu. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás gur tomhaltóir é an sannaí conarthach;

b) [ní dhéantar] foráil inti, go dtí go dtiocfaidh an fhoraithne réamhráite sin i bhfeidhm, d'aon oibleagáid chun clárú ar chláir [de dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha] atá faoi mhaoirseacht do dhaoine a dhéanann gníomhaíochtaí sannacháin *en bloc*, toisc nach ndéanann siad gníomhaíochtaí airgeadais, faoi mar atá siad arna n-aithint ag [Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil)] agus, dá bhrí sin, a eisiatar go huathoibríoch ó na rialacha frithsciúrtha airgid toisc nach ann d'oibleagáid ionstraim bharántúil a chur le chéile[?]

2) Má chinneann an Chúirt go bhfuil coinbhleacht sa dlí ann, an gceanglaítear le reachtaíocht an Aontais, mar a thuairiscítear, pionós radacach chun éifeachtacht leasanna an Chomhphobail a chosaint tríd an méid seo a leanas a chur ar neamhní:

a) sannacháin arna gcur i gcrích faoin gcreat roimh fhormheas na foraithne lena gcuirtear chun feidhme [Treoir 2021/2167];

b) [tarmligean cumhachtaí chun fiacha a aisghabháil arna n-eisiúint chuig daoine nach bhfuil cláraithe i gclár de dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha atá faoi réir mhaoirseacht an údaráis earnála neamhspleách atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta frithsciúrtha airgid?]'

Inghlacthacht

22 Áitíonn Rialtas na hIodáile agus an Coimisiún nach bhfuil an iarraidh seo ar réamhrialú inghlactha.

23 De réir Rialtas na hIodáile, tá cur i láthair na cúirte a rinne an tarchur ar an gcreat dlíthiúil náisiúnta neamhiomlán agus, ar bhealaí áirithe, mícheart. Tá éiginnteacht ann freisin maidir le hábhar beacht an dara ceist. Ina theannta sin, áitíonn an rialtas sin agus an Coimisiún nach gcuirtear in iúl forálacha dhlí an Aontais a n-iarrtar a léiriú ar bhealach atá beacht go leor.

24 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, de réir chásdlí socair na Cúirte, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta amháin ar os a comhair a tugadh an díospóid, agus nach mór di glacadh le freagracht as an gcinneadh breithiúnach, atá sé measúnú a dhéanamh ar an ngá le réamhrialú le bheith in ann a breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna arna gcur aici don Chúirt, i bhfianaise shainiúlachtaí an cháis. Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann na ceisteanna a tarchuireadh le bailíocht dhlí an Aontais a léiriú nó a mheasúnú, dlitear ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt (breithiúnas an 28 Samhain 2024, *ENGIE Deutschland*, C-293/23, EU:C:2024:992, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Maidir leis an ngá atá le léiriú ar dhlí an Aontais a bheidh úsáideach don chúirt a rinne an tarchur, is gá go saineofaí comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna atá á gcur aici nó, ar a laghad, míniú a thabhairt ar na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe (féach

breithiúnais an 26 Eanáir 1993, *Telemarsicabruzzo agus páirtithe eile*, C-320/90 go C-322/90, EU:C:1993:26, mír 6, agus an 16 Deireadh Fómhair 2025, *Braila Winds*, C-391/23, EU:C:2025:799, mír 30).

26 Caithfear go gcuirfí an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sna horduithe tarchuir, ar thaobh amháin, cur ar chumas na Cúirte freagraí úsáideacha a thabhairt, agus ar an taobh eile, a áirithiú freisin gur féidir le rialtais na mBallstát agus páirtithe leasmhara eile barúlacha a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá sé d'oibleagáid ar an gCúirt a áirithiú go gcosnófar an ceart sin, ós rud é, faoin bhforáil sin, nach bhfógraítear na horduithe tarchuir ach do na páirtithe leasmhara (breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2025, *Braila Winds*, C-391/23, EU:C:2025:799, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Sa chás seo, tá cur síos san iarraidh ar réamhrialú ar chomhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na díospóide sna príomhimeachtaí atá leordhóthanach chun na ceanglais sin a chomhlíonadh agus leagtar amach inti na cúiseanna a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh faoin léiriú ar fhorálacha dhlí an Aontais agus a d'fhág gur mheas sí go raibh sé riachtanach iarraidh ar réamhrialú a dhéanamh chuig an gCúirt. Ina theannta sin, maidir le hargóint Rialtas na hIodáile go bhfuil cur i láthair an dlí náisiúnta neamhiomlán nó fiú mícheart, is cásdlí socair é nach faoin gCúirt atá sé, i gcomhthéacs an chórais comhair bhreithiúnaigh a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE, cruinneas léiriú na cúirte náisiúnta ar an dlí náisiúnta a fhíorú nó a thabhairt faoi cheist, ós rud é go dtagann an léiriú sin faoi dhlínse eisiach na cúirte náisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Nollaig 2024, *Volvo Group Belgium*, C-436/23, EU:C:2024:1023, mír 18 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Dá bhrí sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

Na ceisteanna a tharchuirtear

An chéad cheist

29 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil dlí an Aontais, go háirithe Treoir 2021/2167 agus Treoir 2015/849, agus prionsabail na cosanta éifeachtaí, na trédhearcachta agus an mheoin mhacánta oibiachtúil le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta maidir le sannachán fiacha amhrasacha *en bloc* nár foráladh léi, maidir leis an tréimhse roimh dheireadh na tréimhse chun Treoir 2021/2167 a thrasuí, nach mór conarthaí den sórt sin a bheith i scríbhinn agus dá bharr sin nach raibh daoine nádúrtha nó dlítheanacha arb é a ngníomhaíocht sannacháin éileamh den sórt sin a dhéanamh faoi réir maoirseacht stuamachta ag an údarás náisiúnta inniúil chun sciúradh airgid a chomhrac.

30 Sa chéad áit, maidir le Treoir 2021/2167, ba cheart a thabhairt faoi deara go leagtar síos le hAirteagal 10 di ceanglais áirithe do cheannaitheoirí creidmheasa neamhthuillmheacha agus do sheirbhíseoirí creidmheasa neamhthuillmheacha agus iad ag déileáil le hiasachtaithe. Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 10(2) den Treoir sin na heilimintí atá le cur in iúl don iasachtaí ag an gceannaitheoir creidmheasa nó ag an seirbhíseoir creidmheasa, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile, tar éis cearta creidiúnaí a aistriú faoi chomhaontú creidmheasa neamhthuillmheach nó tar éis an comhaontú creidmheasa neamhthuillmheach féin a aistriú.

31 Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, gur tháinig Treoir 2021/2167, a glacadh an 24 Samhain 2021, i bhfeidhm an 29 Nollaig 2021, i gcomhréir le hAirteagail 32 agus 33 di, agus gur tháinig deireadh leis an tréimhse chun í a thrasuí an 29 Nollaig 2023.

32 Thairis sin, cé go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 32(2) den Treoir sin, na bearta a glacadh chun an Treoir sin a thrasuí ón 30 Nollaig 2023, leanann sé ó Airteagal 2(5)(d) di nach mbeidh feidhm aici maidir le haistriú ceart creidiúnaí faoi chomhaontú creidmheasa, ná maidir le haistriú an chomhaontaithe creidmheasa féin, a aistríodh roimh an 29 Nollaig 2023.

33 Ós rud é gur léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte gur tháinig na heilimintí a chomhdhéanann an díospóid sna príomhimeachtaí chun cinn roimh an 29 Nollaig 2023, níl feidhm *ratione temporis* ag Treoir 2021/2167 maidir leis an díospóid sin.

34 A mhéid a bheartaíonn an chúirt a rinne an tarchur na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 10 de Threoir 2021/2167 a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir cásdlí socair, roimh dhul in éag na tréimhse chun treoir a thrasuí, nach féidir na Ballstáit a cháineadh toisc nár ghlac siad bearta go fóill chun í a chur chun feidhme ina gcórais dlí (breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *BPC Lux 2 agus páirtithe eile*, C-83/20, EU:C:2022:346, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Cé, de réir cásdlí socair, le linn na tréimhse a fhorordaítear chun treoir a thrasuí, nach mór do na Ballstáit chuig a ndírítear í staonadh ó aon bhearta a dhéanamh a d'fhéadfadh baint amach an toraidh a fhorordaítear leis an treoir sin a chur i mbaol go mór (breithiúnas an 25 Eanáir 2022, *VYSOČINA WIND*, C-181/20, EU:C:2022:51, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear), ní féidir éifeacht dhíreach a bheith ag treoir ach amháin tar éis dhul in éag na tréimhse sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *BPC Lux 2 agus páirtithe eile*, C-83/20, EU:C:2022:346, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Dá bhrí sin, ní féidir Airteagal 10 de Threoir 2021/2167 a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm chúlghabhálach ag na hoibleagáidí a leagtar síos ann.

37 Sa dara háit, maidir le Treoir 2015/849, leanann sé ó léamh na forála sin i gcomhar le hAirteagal 2(1) agus Airteagal 3 den Treoir sin nach bhfuil feidhm aici ach amháin maidir le heintitis atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha áirithe a liostaítear in Airteagal 2(1). Mar sin féin, ní áirítear sna gníomhaíochtaí sin fiacha amhrasacha a cheannach ná a bhainistiú.

38 Dá réir sin, níl feidhm ag Treoir 2021/2167 ná ag Treoir 2015/849 maidir le reachtaíocht náisiúnta maidir le sannachán fiacha amhrasacha *en bloc* leis na saintréithe a ndéantar achoimre orthu i mír 29 den bhreithiúnas seo.

39 Sa tríú háit agus ar deireadh, ba cheart a mheabhrú, agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, go gceanglaítear ar na Ballstáit prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2015, *A2A*, C-89/14, EU:C:2015:537, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ní chuirtear chun feidhme leis an reachtaíocht atá i gceist Treoir 2021/2167 ná Treoir 2015/849, mar a luaitear sa mhír roimhe seo, ná aon riail eile de dhlí an Aontais. Dá réir sin, níl prionsabail dhlí an Aontais a éilíonn an chúirt a rinne an tarchur a léiriú freisin ina céad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú infheidhme maidir leis an reachtaíocht sin ach oiread.

40 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Treoir 2021/2167, go háirithe Airteagal 10 di, agus Treoir 2015/849, a léiriú sa chaoi nach bhfuil feidhm aici maidir le reachtaíocht náisiúnta maidir le sannachán fiacha amhrasacha *en bloc* nár foráladh léi, maidir leis an tréimhse roimh dheireadh na tréimhse chun Treoir 2021/2167 a thrasuí, nach mór conarthaí den sórt sin a bheith i scríbhinn agus dá bharr sin nach raibh daoine nádúrtha nó dlítheanacha arb é a ngníomhaíocht sannacháin éileamh den sórt sin a dhéanamh faoi réir maoirseacht stuamachta ag an údarás náisiúnta inniúil chun sciúradh airgid a chomhrac.

An dara ceist

41 I bhfianaise an fhreagra arna thabhairt ar an gcéad cheist, ní gá an dara ceist a fhreagairt.

Costais

42 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, dearbhaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra):

Maidir le Treoir (AE) 2021/2167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2021 maidir le seirbhíseoirí creidmheasa agus ceannaitheoirí creidmheasa agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE, go háirithe Airteagal 10 di, chomh maith le Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl feidhm acu maidir le reachtaíocht náisiúnta maidir le sannachán fiacha amhrasacha *en bloc* nár foráladh léi, maidir leis an tréimhse roimh dheireadh na tréimhse chun Treoir 2021/2167 a thrasuí, nach mór conarthaí den sórt sin a bheith i scríbhinn agus dá bharr sin nach raibh daoine nádúrtha nó dlítheanacha arb é a ngníomhaíocht sannacháin éileamh den sórt sin a dhéanamh faoi réir maoirseacht stuamachta ag an údarás náisiúnta inniúil chun sciúradh airgid a chomhrac.

Sínithe